

Bunscoileanna – teagasc agus foghlaim**RÉIMSE 2: EISPÉIRIS FOGHLAIMEOIRÍ**

CAIGHDEÁIN	RÁITIS AR CHLEAHTAS ÉIFEACTACH	RÁITIS AR CHLEAHTAS AN-ÉIFEACTACH
Bíonn daltaí rannpháirteach ar bhealach fóinteach i ngníomhaíochtaí foghlama bríche	Baineann daltaí úsáid as teicneolaíochtaí digiteacha chun faisnéis a aimsiú agus a mhalartú d'fhonn tuiscint a fhorbairt agus d'fhonn tacú le cruthú eolais bhunúsaigh.	Baineann daltaí úsáid as teicneolaíochtaí digiteacha éagsúla an chruthaithe eolais chun faisnéis a aimsiú, a mheas agus a bhainistiú agus chun machnamh a dhéanamh ar a bhfoghlaim.
Fásann daltaí mar fhoghlaimoirí trí idirghníomhaíochtaí agus eispéiris mheasúla atá idir dhúshlánach agus thacúil	Bíonn na hidirghníomhaíochtaí digiteacha, idir na daltaí féin agus idir na daltaí agus na múinteoirí, idir mheasúil agus dhearfach agus cuidíonn siad leis an bhfolláine. Baineann daltaí úsáid mhuiníneach as teicneolaíochtaí digiteacha chun cur lena n-eolas trí pháirt a ghlacadh i ndioscúrsa poiblí agus i rannpháirtíocht shibhialta chuí.	Bíonn na hidirghníomhaíochtaí digiteacha, idir na daltaí féin agus idir na daltaí agus na múinteoirí, idir mheasúil agus dhúshlánach, agus tacaíonn siad le folláine gach dalta. Baineann daltaí úsáid as teicneolaíochtaí digiteacha chun eolas a chur in iúl, a thiomsú agus a chomhchruthú go measúil trí pháirt ghníomhach i ndioscúrsa poiblí agus i rannpháirtíocht shibhialta chuí.
Déanann daltaí machnamh ar a ndul chun cinn mar fhoghlaimoirí agus forbraíonn siad úinéireacht áirithe ar a bhfoghlaim agus freagracht áirithe aisti	Úsáideann daltaí teicneolaíochtaí digiteacha chun fianaise a bhailiú, a ndul chun cinn a thaifeadadh agus machnamh a dhéanamh air, agus a n-inniúlacht a fhorbairt mar fhoghlaimoirí féinstiúrtha.	Úsáideann daltaí teicneolaíochtaí digiteacha chun a n-inniúlacht a fhorbairt ar bhonn cruthaitheach criticiúil mar fhoghlaimoirí neamhspleácha féinstiúrtha, agus is féidir leo spriocanna pearsanta bríocha a leagan amach don fhoghlaim amach anseo.
Faigheann daltaí taithí ar dheiseanna chun na scileanna agus na meonta atá riachtanach don fhoghlaim ar feadh an tsaoil a fhorbairt	Bíonn deiseanna ag daltaí a n-inniúlacht dhigiteach a úsáid i gcásanna nó i gcomhthéacsanna nua agus bíonn tuiscint atá oiriúnach dá n-aois acu ar conas is féidir leis an teicneolaíocht dhigiteach cabhrú leis an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil.	Úsáideann daltaí a n-inniúlacht dhigiteach ar bhealaí nuálacha i gcásanna nó i gcomhthéacsanna nua, forbraíonn siad réitigh agus/nó táirgí nua ar bhealach cruthaitheach, agus samhlaíonn siad go leanfaidh siad ar aghaidh san oideachas agus san oiliúint leanúnach.